
# 24 Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

**24.1** Cuireadh Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann (an Chomhairle) ar bun faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 (an tAcht) le measúnuithe neamhspleácha a dhéanamh ar phleananna agus réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais agus le bonn eolais a chur faoin dioscúrsa poiblí maidir le hábhair gheilleagracha agus fhioscacha.[1]

**24.2** Éilítear ar an gComhairle de réir an dlí:

- na réamh-mheastacháin a mheas a chuireann an Roinn Airgeadais (an Roinn) le chéile in earrach agus i bhfómhar gach bliain [2]
- a mheas an bhfuil seasamh fioscach an Rialtais fabhrach do bhainistiú stuama geilleagrach agus buiséadach, lena n-áirítear trí thagairt do Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis an Aontais Eorpaigh [3]
- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil seasamh buiséadach ginearálta an Rialtais comhardaithe nó an bhfuil barrachas ann, nó an bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i dtreo na staideanna sin (an 'riail bhuiséadach' de réir mar atá leagtha amach san Acht), agus a mheas an é go raibh imthosca eisceachtúla taobh thiar d'aon neamh-chomhlíonadh [4]
- na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha arna n-ullmhú ag an Roinn a fhormhuiniú, de réir mar is iomchuí léi, ar iad na réamh-mheastacháin a mbíonn nuashonruithe ar an gclár buiséid agus cobhsaíochta bunaithe orthu.[5]

**Fíor 24.1 Feidhmeanna Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann**




Foinse: Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

1 Cuireadh an Chomhairle ar bun ar bhonn eatramhach i mí Iúil 2011 agus bunaíodh go foirmiúil mar comhlacht reachtúil neamhspleách í faoin Acht le héifeacht ón 31 Nollaig 2012.

2 De réir an Achta, is iad na 'réamh-mheastacháin oifigiúla' na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus bhuiséadacha a fhoilsíonn an Roinn Airgeadais chun críche pleanáil fhioscach.

3 Creat atá bunaithe ar rialacha chun beartais fhioscacha náisiúnta a chomhordú san Aontas Eorpach is ea an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

4 De réir an Achta, is éard atá i gceist le 'himthosca eisceachtúla' ná tréimhse ghéarchoir chun donais eacnamaíoch nó tarlú neamhghnách (nach bhfuil neart ag an Rialtas air), a imríonn tionchar suntasach ar sheasamh buiséadach an Rialtais.

5 Tá comh-mheabhrán tuisceana idir an Chomhairle agus an Roinn mar bhonn agus mar thaca ag an bpróiseas formhuinithe.

## Cuntais Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

**24.3** Is é Cathaoirleach na Comhairle an t-oifigeach atá freagrach as ullmhú agus cur i láthair na ráiteas airgeadais don iniúchadh. Éilítear ar an gComhairle leis an Acht cuntais a choinneáil ar fháltais agus ar chaiteachas san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta a mbaineann siad léi. Ní mór cóip de na cuntais agus den tuairisc iniúchta a thabhairt don Aire tráth a gcuirtear an t-iniúchadh i gcrích, duine nach mór dó iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais dá éis sin.

**24.4** Ina theannta sin, éilítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a luann an Chomhairle ina cuntais gach bliain. Is í seo an tuarascáil don bhliain 2016.

**24.5** Rinneadh cuntais na Comhairle don bhliain 2016 a iniúchadh, agus eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an 30 Meitheamh 2017. Cuireadh na cuntais agus an tuarascáil faoi bhráid Dhá Theach an Oireachtais ar an 20 Iúil 2017.

**24.6** Tá mé sásta go dtugann na cuntais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle amhail ag deireadh 2016 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain.[1]

## Ballraíocht agus soláthar foirne

**24.7** Tá leagtha síos san Acht go mbeidh ar an gComhairle cúigear ball, an Cathaoirleach ina measc. Ceapann an tAire daoine chun na Comhairle agus maireann an téarma oifige ceithre bliana i bhformhór na gcásanna. Ní ceadmhach do bhaill chomhairle a bheith i seilbh oifige ar feadh níos mó ná dhá théarma oifige as a chéile.

**24.8** Tháinig dara téarma oifige an Chathaoirligh chun críche ag deireadh mhí na Nollag 2016. Fógraíodh an folúntas ar an gComhairle agus, tar éis próiseas roghnúcháin oscailte, cheap an tAire ball nua chun na Comhairle go ceann tréimhse ceithre bliana, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017.

**24.9** Cheap an tAire ball reatha den Chomhairle ina Chathaoirleach freisin, agus d'athcheap ball reatha eile dá dara téarma, an dá cheann acu le héifeacht ón 1 Eanáir 2017.

**24.10** Tacaíonn seisear ball foirne le saothar na Comhairle faoi láthair, .i. cúigear eacnamaithe agus riarthóir amháin. In 2016, bhí beirt den fhoireann ar iasacht ó eagraíochtaí eile.

## Maoiniú

**24.11** Maoinítear an Chomhairle ó Phríomhchiste an Státchiste, faoi réir uas-suim bhliantúil atá innéacsnasctha leis an mboilsciú.[2] Ba é €822,537 (2015: €823,360) an uas-suim mhaoinithe do 2016.

**24.12** B'ionann caiteachas iomlán na Comhairle agus thart ar €633,000 in 2016 (2015: €643,000), suim ar bhain 60% (2015: 62%) di le costais tuarastail. Ba í an ghné ba mhó de chaiteachas riaracháin na Comhairle nár bhain le pá ná táille riaracháin is iníoctha leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) i leith costais chóiríochta agus seirbhísí tacaíochta, rud ab fhiú thart ar €102,000 (2015: €101,000) ar an iomlán.


1 Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle de réir FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

2 Déantar foráil in Alt 9 den Sceideal a ghabhann leis an Acht don fhoinse mhaoinithe agus socraítear leibhéal bonnlíne €800,000 i gcomhair chaiteachas na Comhairle ar thosach feidhme an Achta.

**24.13** D’aithin an Chomhairle costais sochair scoir de luach beagnach €22,100 in 2016 den chéad uair. Feidhmíonn an Chomhairle an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim), .i. an scéim le sochar sainithe i gcomhair fostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Tháinig triúr ball foirne chun a bheith incháilithe do shochair scoir faoin Scéim in 2016, tar éis dóibh an tréimhse dhílsithe dhá bhliain a fhónamh. Léiríonn na costais na sochair a thuill na baill foirne sin agus léirítear iad gan a ranníocaíochtaí pinsin a áireamh, a n-íoctar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil iad. Níl an Scéim maoinithe agus cuirfear airgead ar fáil di (de réir mar is gá) ar bhonn *íoc-mar-a-úsáidtear* ó na cistí a mbeidh fáil ag an gComhairle orthu.

**24.14** Tá léirithe i bhFíor 24.2 achoimre ar bhuiséad agus caiteachas gaolmhar na Comhairle don tréimhse ó 2013 go dtí deireadh 2016.

**Fíor 24.2 Achoimre airgeadais ar Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann, 2013 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ráitis airgeadais bhliantúla Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

Nóta: Tháinig méadú ar líon na mball foirne ó thriúr in 2013 go dtí seisear in 2016.


**24.15** Tabhaíodh beagáinín ní ba mhó ná €54,000 (2015: €62,500) in 2016 i dtáillí agus costais i ndáil le baill na Comhairle. Taobh thiar d’fhormhór na gcostas bhí costais taistil agus chothaithe a thabhaigh baill idirnáisiúnta agus baill nach bhfuil lonnaithe i mBaile Átha Cliath le freastal ar chruinnithe den Chomhairle, a bhíonn ar siúl i mBaile Átha Cliath. Ina theannta sin, rinneadh íocaíochtaí de luach beagnach €26,700 in 2016 (2015: €24,500) leis na comhlachtaí earnála poiblí a fhostaíonn an Cathaoirleach agus ball amháin eile den Chomhairle as na costais a tabhaíodh de bharr go raibh siad ag obair don Chomhairle agus nach raibh siad i láthair. [1]

1 Faoin bprionsabal nach ceadmhach do dhuine ach aon tuarastal amháin a bheith aige, ní fhaigheann baill den Chomhairle atá fostaithe ag comhlachtaí poiblí eile aon táillí i leith na seirbhíse a thugann siad don Chomhairle.

## Gníomhaíochtaí na Comhairle

**24.16** Cuireann an Chomhairle roinnt aschuir bhliantúla i dtoll a chéile mar fhreagra ar aschuir na Roinne. Tá breac-chuntas tugtha ar na haschuir sin i bhFíor 24.3. Lena chois sin, tá roinnt tuarascálacha agus páipéir neamhreachtúla curtha le chéile ag an gComhairle chomh maith (féach Iarscríbhinn 24A).

**Fíor 24.3 Aschuir Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Foilsíonn an Roinn ráiteas eacnamaíoch samhraidh i mí an Mheithimh/mí Iúil freisin. Tugadh an ráiteas sin isteach mar chuid den phróiseas athchóirithe buiséid.

b Foilsítear an ráiteas seo go bliantúil i mí Mheán Fómhair agus déantar plé ann ar ráiteas eacnamaíoch an tsamhraidh i measc nithe eile.

**24.17** De réir Alt 11 den Acht, féadtar Cathaoirleach na Comhairle a ghairm os comhair Coiste de cheachtar Teach den Oireachtas le cuntas a thabhairt ar fheidhmeanna na Comhairle.

**24.18** I mí an Mheithimh 2016, tháinig an Chomhairle os comhair an Roghchoiste um Shocruithe do Scrúdan Buiséid lena tuairimí a chur i láthair ar na hathruithe beartaithe don phróiseas buiséid. Bhí an Chomhairle os comhair an Choiste um Maoirseacht Bhuiséid faoi dhó le linn 2016 chomh maith.

## Athbhreithniú piaraí ar an gComhairle

**24.19** Ar aon dul le Plean Straitéiseach 2014 – 2016, rinne an Chomhairle measúnú seachtrach a choimisiúnú in 2015 d'fhonn measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na Comhairle i dtaobh an tsainordaithe a thugtar di faoin Acht agus a feidhmíochta mar institiúid fhioscach neamhspleách a bhfuil sé mar aidhm aici tacú le fás inbhuanaithe in Éirinn.[1]

**24.20** Ba é tátal an athbhreithnithe gur chomhlíon an Chomhairle gach tasc a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis ó institiúid fhioscach neamhspleách agus go raibh sí i lár an aonaigh i bplé poiblí, rudaí ar cuireadh le trédhearcacht maidir le cúrsaí fioscacha agus le heolas an phobail orthu dá mbarr.[2]

**24.21** Tugadh faoi deara san athbhreithniú, áfach, go bhféadfaí aschur agus tionchar na Comhairle a fheabhsú tuilleadh agus rinneadh 25 moladh. Rinne an Chomhairle machnamh ar na moltaí sin agus d'ullmhaigh plean feidhmithe leis na moltaí a chur i ngníomh. Chinn sí dá éis sin, tar éis breathnú orthu arís, nach gcuirfí dhá cheann de na moltaí i ngníomh agus nach raibh neart aici ar thrí cinn acu. Amhail ag deireadh mhí Iúil 2017, bhí 18 gcinn den 20 moladh curtha i bhfeidhm agus tá pleananna ar bun leis an dá cheann eile a chur i ngníomh roimh dheireadh 2017.

1 Ba iad baill na foirne measúnaithe an tOllamh Lars Jonung (Cathaoirleach), an tOllamh Iain Begg agus an tUasal Michael G Tutty (sular ceapadh chun na Comhairle é).

2 Tá an t-athbhreithniú ar Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann (a foilsíodh i mí an Mheithimh 2015) le fáil ar www.fiscalcouncil.ie

## Iarscríbhinn 24A Tuairiscí neamhreachtúla Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann

**Fíor 24A.1**

**2013** — **Páipéar Oibre**

- Clár Comhardaithe an Rialtais tar éis na Géarchéime: Dearcadh Cuimsitheach

**2014** — **Nótaí Anailíseacha**

- Rioscaí ó thaobh Praghsanna Tí de
- Anailís Íogaireachta ar Chur Chuige na Roinne Airgeadais i leith Aschur Féideartha a Mheas de réir Mhodheolaíocht CE
- Miondealú ar Earráidí Réamhaisnéisithe Cánach
- Modheolaíocht Réamhaisnéisithe DIRT
- Impleachtaí na Rialach Fiachais Amach Anseo
- Glacadh le Caighdeáin Idirnáisiúnta Nua i gcomhair Cuntais Náisiúnta agus Chomhardú na nÍocaíochtaí

**2015** — **Páipéir Oibre**

- Neamhchinnteacht i Sonraí Maicreacnamaíocha: Cás na hÉireann
- Anailís ar Earráidí Réamhaisnéisithe Cánach in Éirinn

**Nótaí Anailíseacha**

- Tagarmharcáil Chaiteachais an AE: Saincheisteanna Oibríochtúla d'Éirinn in 2016
- An buiséad sláinte a smachtú: Feidhmiú buiséid bhliantúil san earnáil sláinte poiblí

**2016** — **Nótaí Anailíseacha**

- Caipiteal Poiblí: Infheistíochtaí, Stoic agus Dímheas
- Dúshláin i leith Cáin Chorparáide na hÉireann a Réamhaisnéisiú

**2017 (go dtí Iúil)** — **Páipéir Oibre**

- Réamhaisnéisí Gearrthéarmacha ar Gheilleagar na hÉireann a Tháirgeadh